



An Bhruiséal, 29 Bealtaine 2024
(OR. en)

9900/24

LIMITE

SAN 282
PHARM 68
MI 502
COMPET 546
RECH 229
SOC 362
ENV 518

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir Todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh: Eoraip a thugann aire dá saoránaigh, a ullmhaíonn agus a thugann cosaint – <i>Formheas</i>

1. An 27 Márta 2024, chuir an Uachtaránacht tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh: Eoraip a thugann aire dá saoránaigh, a ullmhaíonn agus a thugann cosaint¹, faoi bhráid na Meithle um an tSláinte Phoiblí.
2. I measc roinnt imeachtaí maidir leis an ábhar sin, fuarthas ionchur le haghaidh na ndr éachtchonclúidí ón gComhairle ag an gComhdháil Ardleibhéil maidir le hAontas Sláinte an Aontais amach anseo an 26 agus an 27 Márta 2024, an Chomhdháil Ardleibhéil maidir le riachtanais sláinte mar spreagadh don bheartas cúraim sláinte agus don nuálaíocht an 17 agus an 18 Aibreán, cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí sláinte an 23 agus an 24 Aibreán 2024 agus an Chomhdháil Ardleibhéil maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha an 6 go dtí an 8 Bealtaine 2024.
3. Scrúdaigh an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí na dréachtchonclúidí ón gComhairle ag na cruinnithe a bhí aici an 15 Aibreán, an 30 Aibreán agus an 17 Bealtaine 2024. Tar éis tuilleadh comhairliúcháin, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an téacs an 24 Bealtaine 2024.

¹ 7893/24

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal, faoi na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a dhearbhú;
- iad a chur faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) chun go bhformheasfar iad ag an seisiún a bheidh aici an 21 Meitheamh 2024.

Todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh: Eoraip a thugann aire dá saoránaigh, a ullmhaíonn agus a thugann cosaint

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI

1. Gur ceart bunúsach é rochtain ar chúram sláinte coisctheach¹ agus go bhforáiltear in Airteagal 168 CFAE nach mór ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine a áirithiú i sainmhíniú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.
2. Go bhfuil gealltanais polaitiúil comhroinnte tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún chun a áirithiú, faoina n-inniúlachtaí, go mbeidh an ceart ag gach duine rochtain thráthúil a fháil ar chúram sláinte inacmhainne, coisctheach agus íceach ar ardchaighdeán².
3. Is bunphrionsabal de chuid an Aontais Eorpaigh í an dlúthpháirtíocht agus is colún í ar cheart an tAontas Sláinte a thógáil uirthi. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do na Ballstáit dlúthpháirtíocht i réimse na sláinte a chur chun cinn.
4. Gur léirigh paidéim COVID-19 gur gníomhaí rithabhachtach é an tAontas nuair a bhítear ag déileáil le bagairtí sláinte trasteorann, agus go measann saoránaigh na hEorpa gur cheart ról níos gníomhaí agus níos éifeachtaí a bheith ag an Aontas maidir lena sláinte agus a bhfolláine a chosaint, lasmuigh de bhainistiú géarchéime³.

¹ Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391-407, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/char_2012/oj

² Prionsabal 16 de Chólún Eorpach na gCearta Sóisialta (2017/C 428/09), (EUR-Lex 32017C1213(01) - EN - EUR-Lex (europa.eu))

³ Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, Zalc, J., Maillard, R., *Uncertainty/EU/hope – Public opinion in times of COVID-19 – Second round* [Éiginnteacht/AE/dóchas – Tuairim an phobail in aimsir COVID-19 – an dara babhta], Parlaimint na hEorpa, 2020. <https://data.europa.eu/doi/10.2861/784439>

5. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘*Building a European Health Union: Reinforcing the EU’s resilience for cross-border health threats*’ [Aontas Sláinte Eorpach a thógáil: Athléimneacht an Aontais a threisiú i leith bagairtí sláinte trasteorann]⁴, aithnítear go dtabharfaidh Aontas Sláinte Eorpach láidir cosaint dár modh maireachtála, dár ngeilleagair agus dár sochaithe. Déanann sé an tsláinte a bhunú mar réamhchoinníoll do dhea-fheidhmiú ár sochaí agus ár ngeilleagair agus do dhea-bhail shaoránaigh na hEorpa. Ghlac an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht ‘An tAontas Sláinte Eorpach: ag gníomhú le chéile ar mhaithe le sláinte daoine’, ina ndéantar achoimre ar fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19 agus ar chomhpháirteanna ina dhiaidh sin d’Aontas Sláinte Eorpach cuimsitheach, lena n-áirithítear go mbeidh na Ballstáit níos ullmhaithe do ghéarchéimeanna sláinte amach anseo agus go bhfreagróidh siad orthu, agus cothromas maidir le rochtain ar chúram sláinte á chur i gcróilár an Aontais agus saoránaigh an Aontais á gcosaint.
6. Cuirtear inbhuanaitheacht ár gcóras sláinte i mbaol de bharr na ndúshlán comhcheangailte a bhaineann le daonra atá ag dul in aois, dúshlán theicneolaíocha agus nuálaíocha, na bagairtí nua sláinte atá ag teacht chun cinn, bagairtí an athraithe aeráide agus CBRN/na bithsceimhlitheoireachta, éagsúlachtaí socheacnamaíocha, imirce, ganntanais na dtáirgí íocshláinte agus na bhfeistí leighis, agus brú buiséadach atá ag dul i méid. Is de chineál sistéamach iad na dúshlán sin agus éilíonn siad comhar trasteorann idir an tAontas agus a Bhallstáit, agus leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta.
7. Is dúshlán iad ganntanais lucht saothair sláinte i ngach Ballstát (go háirithe altráí agus gairmithe cúraim phríomhúil), rud atá níos measa mar gheall ar dhúshlán dhéimeagrafacha agus lucht saothair sláinte atá ag dul in aois, mímhéitiseáil scileanna agus dáileadh míchothrom lucht saothair sláinte idir tíortha agus i dtíortha⁵. Cuireann sé sin brú suntasach ar an lucht saothair sláinte. I dtíortha ECFE, mhéadaigh sciar na liachleachtóirí atá os cionn 55 bliana d’aois ó 20 % in 2000 go 35 % in 2019. Cuireann éagothromaíochtaí geografacha ar fud an Aontais leis an nganntanas sin, agus léirítear sna sonraí go bhfuil difríocht faoi 5.6 idir na réigiúin ina bhfuil an méid is lú agus an méid is mó lianna⁶. Ní mór aghaidh a thabhairt ar mhímhéitiseáil i scileanna oibrithe sláinte agus na scileanna a theastaíonn i gcóras sláinte nua-aimseartha chun riachtanais atá ag teacht chun cinn a léiriú agus samhlacha nua cúraim a threisiú.

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún (COM) 2020/724 final chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Building a European Health Union: Reinforcing the EU’s resilience for cross-border health threats* [Aontas Sláinte Eorpach a thógáil: Athléimneacht an Aontais a threisiú i leith bagairtí sláinte trasteorann] (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0724>)

⁵ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia, *The State of Health in the EU: Synthesis Report 2023*, [An Staid Sláinte san Aontas Eorpach: Tuarascáil Sintéise 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Doi:10.2875/458883

⁶ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia, *State of health in the EU – Companion report 2021* [An staid sláinte san Aontas Eorpach – tuarascáil chomhghabhálach 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://data.europa.eu/doi/10.2875/835293>

8. Bíonn tionchar ag éabhlóid thapa na dteicneolaíochtaí digiteacha ar chórais cúraim sláinte. Trí dhlús a chur le huirlisí digiteacha sa chúram sláinte, lena n-áirítear teilileigheas, bogearraí feistí leighis agus cianfhaireachán othar, chomh maith le féindiagnóis dhigiteach, d'fhéadfaí feabhas a chur ar thorthaí othar agus feabhas a chur ar a inrochtaine atá cúram sláinte. Ag an am céanna, le dul chun cinn teicneolaíoch, mar shampla an Intleacht Shaorga, cuirtear deiseanna ar fáil le haghaidh taighde, ceapadh beartais, fíorshonraí a bhailiú agus a úsáid, forbairt táirgí íocshláinte agus feistí leighis nua agus nuálaíocht sa tsláinte phoiblí, ach tugtar dúshlán chasta eiticiúla agus shochaíocha isteach freisin a éilíonn gníomhaíocht chomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta.
9. Tá ról lárnach ag sonraí sláinte maidir le cúram othar aonair a fheabhsú, taighde leighis a chur chun cinn, agus beartais sláinte poiblí a mhúnlú. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh trédhearcacht ann maidir le húsáid fhaisnéis sláinte pearsanta na saoránach, rud a fhágfaidh go ndéanfar a gcosaint agus a slándáil a áirithiú, agus feachtas a mhúscailt chun muinín a chothú agus comhroinnt sonraí a spreagadh ar son na maithe móire. Tá buntáistí ollmhóra don tsochaí ag baint le sonraí sláinte a úsáid i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus le rialacha cosanta sonraí na n-othar, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbraithfí galair go luath, go ndéanfaí leigheas pearsantaithe agus go gcuirfí feabhas ar thorthaí cúraim sláinte.
10. Is gnéithe lárnacha iad cosc galar atá fianaisebhunaithe agus cur chun cinn na sláinte chun ualach na ngalar neamhtheagmhálach a laghdú ar bhealach costéifeachtach. Is iad galair neamhtheagmhálacha is cúis le beagnach 90 % de na básanna ar fad agus is iad is cúis le 77 % den ualach galair san Aontas, agus tá a leitheadúlacht ag dul i méid, rud a bhfuil tionchar diúltach aige ar shláinte agus ar dhea-bhail an daonra, go háirithe grúpaí leochaileacha, ar ualach oibre an lucht saothair sláinte agus ar athléimneacht ár gcóras sláinte. Ina theannta sin, meastar go dtiocfaidh méadú mór ar ualach roinnt galar, mar shampla galair néaraimheathlúcháin, lena n-áirítear néaltrú, sna blianta amach romhainn, rud a mbeidh tionchar suntasach sóisialta aige ní hamháin ar dhaoine aonair, ach ar a dteaghlaigh, ar phobail, sochaithe agus an lucht saothair freisin.

11. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar ghalair neamhthógálacha ar bhealach trasearnála iomlánaíoch, agus limistéir ina bhfuil ualach mór galair nó ráta ard básmhaireachta á gcur san áireamh, trí shláinte a chur chun cinn ar bhealach fianaisebhunaithe, inacmhainne agus costéifeachtach agus trí idirghabhálacha coisctheacha agus straitéisí bainistithe galar. Is gné lárnach den dea-bhail í an mheabhairshláinte agus bíonn tionchar aici ar earnálacha éagsúla go sóisialta agus ó thaobh airgeadais de. Mar a leagtar síos sa tionscnamh ‘*Healthier Together*’ [Níos Sláintiúla le Chéile], is féidir leitheadúlacht galar neamhtheagmhálach a laghdú suas le 70 % le cur chun cinn na sláinte, cosc galar agus forbairt luath scileanna síceasóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach⁷. Ar an gcúis sin, is féidir le hinfheistíochtaí i gcur chun cinn na sláinte agus cosc galar, agus i gcóireáil agus athshlánú, a bheith ina gcúis le daonra níos sláintiúla, acmhainneacht lucht saothair níos sláintiúla agus méadaithe agus gnóthachan eacnamaíoch don Aontas san fhadtéarma.
12. Is gnéithe lárnacha iad cosc galar atá fianaisebhunaithe agus bainistiú galar chun ualach na ngalar teagmhálach a laghdú ar bhealach costéifeachtach. Is iad galair theagmhálacha san Aontas is cúis le hualach galair atá ag dul i méid. Áirítear ar na galair sin galair ionfhabhtaíocha agus ráigeanna atá ag teacht chun cinn agus ráigeanna ag teacht chun cinn arís, chomh maith le méaduithe leanúnacha. Ina theannta sin, tá roinnt galar ionfhabhtaíoch a bhfuil laghdú ag teacht ar a minicíocht ach nach bhfuil díothaithe go fóill. Is cúis inní ar leith é an méadú leanúnach ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha toisc go mbíonn tionchar aige ar an tsláinte ghnéis agus atáirgthe, go háirithe i measc na ndaonraí óga.
13. Cuimsítear le riachtanais othar nach bhfuiltear ag freastal orthu agus riachtanais shochaíocha a bhaineann leis an tsláinte riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu a eascraíonn as tionchar díreach reachta sláinte ar shaol othar (riachtanais othar) agus riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu a eascraíonn as seachtrachtaí sóisialta a thagann as riocht sláinte (riachtanais shochaíocha). Is féidir baint a bheith ag riachtanais othar agus shochaíocha leis an tionchar sláinte, cúraim sláinte agus sóisialta a bhíonn ag riocht. Éilítear le cur chuige iomlánaíoch, sa bhreis ar chóireáil a fhorbairt, go meastar go bhfreastalaíonn cosc, diagnóisiú, comhordú agus eagrú cúraim, agus infhaighteacht faisnéise d’othair, i measc nithe eile, ar riachtanais othar agus shochaíocha nach bhfuiltear ag freastal orthu a bhaineann leis an tsláinte.

⁷ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia, *Healthier together – EU non-communicable disease initiative* [Níos Sláintiúla le Chéile — tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://data.europa.eu/doi/10.2875/195572>

14. I gcóras cúraim sláinte otharlárnach, díritear an taighde agus an fhorbairt (T&F) ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais ardtosaíochta sláinte na n-othar agus na sochaí ar riachtanais iad nach bhfuiltear ag freastal orthu. D'fhéadfadh baint a bheith ag riachtanais e.g. le hionchas saoil méadaithe, cáilíocht saoil, costais a bhaineann le cúram sláinte agus rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte nó bearta coisctheacha. Cé go bhfuil iarrachtaí tábhachtacha á ndéanamh chun an taighde agus an fhorbairt a dhíriú ar riachtanais a bhíonn ag athrú go tapa, ar bhealach, ní spreagann na creataí reatha le haghaidh na nuálaíochta ná na hidirghabhálacha sláinte a chuirtear ar fáil réitigh ar na riachtanais tosaíochta a bhaineann leis an tsláinte a bhíonn ag othair agus an tsochaí araon. Is é an easpa fianaise i dtaca leis na riachtanais is mó nach bhfuiltear ag freastal orthu, easpa fianaise i dtaca le torthaí ionchais ábhartha nó easpa leasa tráchtála nó leasa phoiblí i riachtanais nach dtugtar aird orthu is cúis leis sin. Dá bhrí sin, tá gá le fianaise eolaíoch struchtúrtha maidir leis na riachtanais is mó nach bhfuiltear ag freastal orthu. Ba cheart go bhfágfadh sé sin go bhféadfaí infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí in T&F a dhíriú ar na riachtanais is mó nach bhfuiltear ag freastal orthu.
15. Is féidir le bunachar sonraí neamhspleách bunaithe ar riachtanais agus fianaise cuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais tosaíochta i mbeartais cúraim sláinte agus nuálaíochta. Ba cheart a bhailiú sa bhunachar sonraí fianaise eolaíoch maidir le galair atá sonrach, ginearálta agus ar leibhéal na gcóras, arna bailiú ar bhealach caighdeánaithe, bunaithe ar chreat ina bhfuil critéir thrédhearcacha maidir le riachtanais. Ba cheart do thaighdeoirí neamhspleácha an creat sin a fhorbairt, agus ionchur ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear saoránaigh, othair, soláthraithe cúraim sláinte, lucht ceaptha beartas agus forbróirí á chur san áireamh. Is féidir sonraí ó bhunachair sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a úsáid atá ann cheana, lena n-áirítear ó Eurostat, nuair is ábhartha, chun cur leis an mbunachar sonraí fianaise ar riachtanais. Is féidir le tionscnaimh eile, e.g. an Tionscnamh Géanóm 1+ Milliún rannchuidiú le hacmhainneacht iomlán na comhroinnte sonraí le haghaidh tairbhí sláinte níos leithne a bhaint amach, lena n-áirítear réitigh fhéideartha a fhorbairt le haghaidh riachtanais shainaitheanta nach bhfuiltear ag freastal orthu a bhaineann leis an tsláinte, mar aon le tacú le taighde agus ceapadh beartas sláinte.

16. Rinneadh tionscnaimh reachtacha spriocdhírthe agus bearta neamhreachtacha chun an baol go mbeidh ganntanas feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* ann a laghdú. Tá na Rialacháin maidir le feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* riachtanach chun ardleibhéal sábháilteachta agus sláinte a áirithiú do shaoránaigh na hEorpa, agus ag an am céanna tacú leis an nuálaíocht agus feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí chreat rialála a bhunú a bheidh stóinsithe, trédhearcach, intuartha agus inbhuanaithe. Mar sin féin, tá dúshlán fós ann a bhaineann le cur chun feidhme na Rialachán maidir le feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, lena n-áirítear costais mhéadaithe agus fad na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, go háirithe i gcás feistí dilleachta, agus mar sin, tagann méadú ar an mbaol go gcuirfí isteach ar an soláthar agus nach mbeidh roinnt feistí leighis agus diagnóisic *in vitro* a bhfuil gá leo chun an cúram iomchuí a thabhairt d'othair ar an margadh Eorpach. Tá tionchar aige sin ar iomaíochas agus ar chumas nuálaíoch thionscal feistí leighis na hEorpa freisin, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide.
17. Measann an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) go bhfaigheann 35 000 duine bás gach bliain san Aontas ó ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha. Idir an dá linn, níl ach laghdú 2.5 % tagtha ar thomhaltas iomlán na bhfrithbhaictéir le haghaidh úsáid shistéamach ón mbliain bhonnlíne 2019, rud a léiríonn gur mall atá an dul chun cinn maidir le sprioc an Aontais laghdú 20 % a dhéanamh ar an tomhaltas faoi 2030⁸. Dá bhrí sin, tá gá le hiarrachtaí breise chun úsáid stuama antaibheathach a chur chun cinn.
18. Feictear meartheochtaí soiléire san Eoraip mar thoradh ar an athrú aeráide, guaiseacha, nochtaí, leochaileachtaí agus rioscaí a bhaineann leis an tsláinte de bharr an athraithe aeráide⁹. Tá níos mó rioscaí galar teagmhálach agus neamhtheagmhálach ann araon mar gheall ar an athrú aeráide, tagann leochaileachtaí nua chun cinn dá bharr sin agus cuirtear leis na neamhionannais atá ann cheana trí thionchar díréireach a imirt ar ghrúpaí leochaileacha sa daonra. Is féidir sineirgí tábhachtacha a bheith ag beartais aeráide agus sláinte poiblí. Ba cheart é sin a fheiceáil i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin lena n-aithnítear an t-idirnascaid láidir idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil. Chun na héifeachtaí sin a theorannú, ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun an tAontas Eorpach a dhícharbónú, agus go háirithe chun córais cúraim sláinte na hEorpa a dhícharbónú, agus an tionchar ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht á chur san áireamh.

⁸ An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, Merk, H. Diaz Högberg, L. Pachouras, D. et al., *Assessing the health burden of infections with antibiotic-resistant bacteria in the EU/EEA*, [Measúnú a dhéanamh ar an ualach sláinte a bhaineann le hionfhabhtuithe le baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach in AE/LEE], 2016-2020. ECDC 2022. <https://data.europa.eu/doi/10.2900/73460>

⁹ An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, *Is Europe on track towards climate resilience? - Status of reported national adaptation actions in 2023* [An bhfuil an Eoraip ar an mbóthar ceart i dtreo athléimneacht aeráide? Stádas na ngníomhaíochtaí oiriúnaithe náisiúnta a tuairiscíodh in 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, <https://data.europa.eu/doi/10.2800/112091>

19. Tá acmhainneacht an Aontais trialacha clínicíúla ilnáisiúnta poiblí mórscaála a reáchtáil fíor-riachtanach chun fianaise iontaofa a ghiniúint maidir le sábháilteacht agus éifeachtacht na n-idirghabhálacha, agus chun an Eoraip a neartú mar mhol don fhorbairt agus don mhonaraíocht. Le linn na paindéime, seoladh líon as cuimse trialacha clínicíúla acadúla san Aontas chun dlús a chur leis an gcóireáil in aghaidh COVID-19 agus lena chosc. Tá sé ríthábhachtach tionscnaimh a bheidh ann amach anseo a neartú trí chomhordú níos éifeachtúla ar fud na mBallstát agus i measc coistí náisiúnta eitice, ós rud é gurb é an toradh a bhí ar easpa comhordúcháin go leor trialacha tearc-chumhachtaithe nach raibh in ann torthaí fóinteacha a thabhairt agus rinneadh dúbláil ar ghníomhaíochtaí taighde. Thairis sin, is bacainn ar reáchtáil éifeachtúil trialacha clínicíúla an easpa soiléireachta maidir leis an gcomhéadan le reachtaíocht ghaolmhar, mar shampla Rialacháin maidir le feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*. Tacaíonn an Coimisiún le cruthú an ghrúpa MedEthics EU chun comhar a chur chun cinn idir na coistí eitice náisiúnta a bhfuil baint acu le trialacha clínicíúla agus chun dul chun cinn a chur chun cinn maidir le comhordú chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Trialacha Clínicíúla mar a forbraíodh sa ghrúpa comhairleach agus comhordaithe ar thrialacha clínicíúla (CTAG). Tá sé tábhachtach freisin leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh d'fhonn féachaint le hoibriú rianúil an nós imeachta um measúnú comhordaithe a bhaineann le himscrúduithe clínicíúla agus staidéir feidhmíochta a éascú.
20. Tá creat institiúideach comhleanúnach, trédhearcach agus éifeachtach de chuid an Aontais ríthábhachtach chun ullmhacht agus freagairt ar ghéarchéimeanna a neartú ar leibhéal an Aontais trí chur chuige uile-ghuaise agus uile-shochaí i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2024. Tá cosc, ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandálaí sláinte fíor-riachtanach chun ullmhú do ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. Cuireann ullmhacht an Aontais leis an tslándáil sláinte dhomhanda agus le ról an Aontais sa tsláinte dhomhanda. Ghlac an tAontas Eorpach roinnt athchóirithe isteach sa struchtúr rialachais éigeandála atá fós le cur chun feidhme agus le tástáil ina n-iomláine, lena n-áirítear cur chun feidhme na mbagairtí trasteorann tromchúiseacha sa Rialachán maidir le sláinte, síneadh a chur le sainorduithe an Lárionaid Eorpaigh um Ghálair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) agus bunú an Údaráis um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA). Leagtar amach sa *State of Health Preparedness Report 2023* [Tuarascáil 2023 maidir le Staid na hUllmhachta Sláinte] an leibhéal cur chun feidhme a baineadh amach cheana féin agus na réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta agus iarrachtaí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí í.

21. Cuirtear sláinte agus dea-bhail na saoránach i mbaol le ganntanais táirgí íocshláinte. Tá dí-chomhchruinniú mhonarú na dtáirgí íocshláinte agus na gComhábhar Gníomhach Cógaisíochta go líon teoranta suíomhanna lasmuigh den Aontas tar éis cur leis na hábhair inní maidir le slándáil an tsoláthair laistigh den Aontas. Gníomhaíocht rithábachtach is ea aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí i slabhra soláthair na dtáirgí íocshláinte criticiúla chun athléimneacht chórais cúraim sláinte an Aontais a áirithiú. Aithníodh an gá atá le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2023, i nDearbhú na gCeannairí in Granada i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Addressing medicine shortages in the EU* [Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais cógas leighis san Aontas] an mhí chéanna, inar cuireadh ar aghaidh roinnt gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas táirgí íocshláinte criticiúla agus slándáil an tsoláthair san Aontas a fheabhsú.
22. Chun feabhas a chur ar an rochtain ar tháirgí íocshláinte, feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, agus mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl sna conclúidí uaithi an 17 agus an 18 Aibreán 2024, tá sé tábhachtach gluaiseacht trasteorann earraí a áirithiú, lena n-áirítear gluaiseacht earraí straitéiseacha, ar nós táirgí íocshláinte, agus aghaidh á thabhairt ag an am céanna ar thrédhearcacht sa slabhra soláthair.
23. Tá infheistíochtaí straitéiseacha sa tsláinte rithábachtach chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht chórais sláinte na hEorpa a threisiú. Cuireann an tAontas an iliomad sruthanna maoinithe ar fáil do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara. Mar sin féin, tá dúshlán roimh na Ballstáit agus iad ag iarraidh cistí ón Aontas atá ann cheana féin a aimsiú agus rochtain a fháil orthu chun tacú le hinfeistíocht a mbeidh tionchar mór aici ar athruithe a dhéanfar ar na córais sláinte náisiúnta. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh cláir oibre na n-ionstraimí cistiúcháin atá ag an Aontas cheana lena gcuirtear taighde agus nuálaíocht chun cinn agus na cláir sin lena dtacaítear le cur chun feidhme tionscnamh beartais i sineirge le tosaíochtaí náisiúnta i réimse na sláinte agus go gcloífi leis an nasc idir ionstraimí taighde, nuálaíochta, beartais agus cistiúcháin.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

LEAGANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé leanúint d'Aontas Sláinte Eorpach a fhorbairt agus a fheabhsú i bhfianaise na ndúshlán sistéamach atá le sárú ag ár gcóras sláinte sa lá atá inniu ann,

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH, i ndlúthchomhar agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach an méid seo a leanas a dhéanamh:

I. aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim atá ann maidir leis an lucht saothair sláinte

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

24. SMAOINEAMH AR THÚS ÁITE A THABHAIRT d'infheistíochtaí sa lucht saothair sláinte trí infheistíochtaí náisiúnta agus trí úsáid a bhaint as cistí ón Aontas atá ann cheana agus as tacaíocht theicniúil, chun infheistíochtaí spriocdhírthe sa lucht saothair sláinte a éascú.
25. TACÚ le forbairt agus glacadh uirlisí digiteacha nuálacha ar féidir leo cabhrú le gairmithe sláinte ina geleachtas cliniciúil laethúil, chomh maith le comhtháthú inniúlachtaí digiteacha san oiliúint agus sa bhreiseideachas, agus litearthacht sláinte digití a fhorbairt.
26. An comhar ar leibhéal an Aontais A FHEABHSÚ chun tacú le comhroinnt eolais idir na Ballstáit ar straitéisí náisiúnta maidir leis an lucht saothair sláinte, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta nua agus á chomhlánú chun na ganntanais saothair agus scileanna a cuireadh i láthair i mí an Mhárta 2024 a ghleic¹⁰.
27. Fóram iomchuí a SHAINAITHINT a bheidh comhdhéanta de na Ballstáit, an Coimisiún agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta an Aontais in earnáil an chúraim sláinte i gcás inarb iomchuí, chun gníomhaíochtaí iomchuí ar leibhéal an Aontais a phlé i gcomhar le gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta.

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún, COM(2024) 131 final, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: plan gníomhaíochta <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN-GA/TXT/?from=EN&uri=CELEX%3A52024DC0131&qid=1718353975270>

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

28. Cur chuige cuimsitheach a CHEAPADH i leith an lucht saothair sláinte ar leibhéal an Aontais lena dtacaítear leis na Ballstáit agus lena straitéisí, i gcomhréir leis an gCreat gníomhaíochta maidir leis an lucht saothair sláinte agus cúraim i Réigiún Eorpach EDS 2023–2030 agus le Cód Cleachtais Domhanda EDS maidir le hEarcaíocht Idirnáisiúnta Pearsanra Sláinte, agus na gnéithe ábhartha uile á gcur san áireamh, mar shampla pleanáil agus réamhaisnéis, earcaíocht agus oiliúint náisiúnta agus idirnáisiúnta, forbairt ghairmiúil leanúnach, baill foirne a choinneáil, dea-mheabhairshláinte agus dea-shláinte fhisiciúil oibrithe cúraim sláinte a chothú, dálaí oibre, na dúshláin a bhaineann le meascán scileanna, oiliúint agus athoiliúint ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear i dtaca le hinniúlachtaí digiteacha agus scileanna ceannaireachta, agus borradh acmhainneachta chun déileáil le géarchéimeanna.
29. Eilimintí, ionstraimí agus dea-chleachtais chun tacú le straitéisí náisiúnta A SHAINAITHINT, cuir i gcás spriocanna comhchoiteanna a cheapadh, dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú, gníomhaíochtaí comhpháirteacha a bhunú agus na ceachtanna a foghlaimíodh agus torthaí na ngníomhaíochtaí atá á ndéanamh faoi láthair agus na ngníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo á gcur san áireamh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhpháirteacha, maidir leis an lucht saothair sláinte agus rochtain fheabhsaithe ar shásraí cistiúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana chun a áirithiú gur féidir na gníomhaíochtaí atá beartaithe a dhéanamh.
30. MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR éifeachtaí na gcreataí dlíthiúla ar leibhéal an Aontais maidir le cáilíochtaí gairmeacha sláinte a rialáil, chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim an lucht saothair sláinte, agus soghluaisteacht gairmithe sláinte á caomhnú ag an am céanna agus i ndáil le hinniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais. Ba cheart an measúnú sin a bhunú ar chomhairliúchán le húdaráis sláinte na mBallstát, le comhpháirtithe sóisialta agus le gníomhaithe na sochaí sibhialta, agus an daonra atá ag dul in aois, mar aon le lucht saothair sláinte atá ag dul in aois dá réir, a chur san áireamh leis.
31. SMAOINEAMH, i gcás inarb iomchuí agus inar gá, agus bunaithe ar an measúnú thuasluaite, ar ghníomhaíochtaí chun a áirithiú gur féidir leis na creataí dlíthiúla sin spriocanna náisiúnta na gcóras sláinte agus straitéisí náisiúnta maidir le lucht saothair sláinte a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabail an Mhargaidh Aonair.

II. aghaidh a thabhairt ar riachtanais tosaíochta i mbeartais cúraim sláinte agus nuálaíochta

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

32. Sineirgí a NEARTÚ idir bonneagair agus cláir atá ann cheana agus atá ar na bacáin sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais chun bunachar sonraí neamhspleách maidir le fianaise ar riachtanais a chur ar bun, ina sainaithnítear riachtanais sláinte na n-othar agus na sochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu trí chur chuige eolaíoch a úsáid.
33. SMAOINEAMH AR shásra deonach faoi stiúir na mBallstát a bhunú chun breithmheas a dhéanamh, bunaithe ar fhianaise eolaíoch faoi na riachtanais sainghalair agus trí úsáid a bhaint as critéir mheasúnaithe thrédhearcacha, ar na riachtanais sláinte sainghalair, galair uilghabhálaigh agus ar leibhéal na gcóras is mó a bhíonn ag othair agus ag an tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu, agus iad sin a chur in ord tosaíochta.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

34. SCRÚDÚ a dhéanamh ar an ngá atá le tionscnamh ón Aontas chun tacaíocht phoiblí a chomhordú agus a stiúradh, faoi chuimsiú inniúlacht an Aontais, chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach agus go héifeachtach ar na riachtanais sláinte is práinní atá ag othair agus ag an tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu. Leis an tionscnamh sin, ba cheart a chur san áireamh go bhféadfadh réiteach teacht as cineálacha éagsúla idirghabhálacha (sláinte), lena n-áirítear optamú cóireálacha, ar riachtanais sláinte shainaitheanta na n-othar agus na sochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu, agus acmhainneacht chomhar an Aontais maidir le teicneolaíochtaí sláinte á cur san áireamh.
35. SMAOINEAMH AR na riachtanais sláinte is práinní a sainaithníodh agus na tosaíochtaí á sainiú do chláir réime an Aontais i réimse an taighde, na nuálaíochta agus na sláinte, agus do chlár sláinte an Aontais ach a mbeidh faisnéis leordhóthanach sa bhunachar sonraí.

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

36. FEABHAS A CHUR ar an malartú deonach faisnéise agus dea-chleachtas maidir le cuir chuige náisiúnta i ndáil le beartais aisíocaíochta sna fóraim atá ann cheana, agus é mar aidhm leis sin intuarthacht a chur ar fáil d'fhorbróirí cúraim sláinte maidir leis an gcaoi a ndéantar riachtanais sláinte na n-othar agus na sochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu a mheas i gcinntí maidir le hidirghabhálacha sláinte costéifeachtacha a áireamh i sochair náisiúnta.
37. Na riachtanais sláinte is práinní atá ag othair agus ag an tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu A CHUR SAN ÁIREAMH agus cinneadh á dhéanamh maidir le cistiú agus dreasachtaí náisiúnta taighde.

III. gníomhaíocht a dhéanamh maidir le galair neamhthógálacha a chosc

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

38. Beartais an Aontais maidir leis an tsláinte a chur chun cinn a NEARTÚ, lena n-áirítear an mheabhairshláinte agus galair neamhtheagmhálacha a chosc, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar na grúpaí galair is siocair le níos mó ná 80 % den ualach galair i dtíortha an Aontais agus arb iad na príomhchúiseanna le básanna anabái ineachanta¹¹ i gcomhréir leis an gcur chuige sláinte i ngach beartas.
39. Timpeallachtaí agus pobail shláintiúla a spreagann agus a éascaíonn roghanna sláintiúla stíle maireachtála A CHUR CINN, ag tabhairt aghaidh ar úsáid tobac agus alcóil, aistí bia míshláintiúla, easpa gníomhaíochta coirp, tosca síceasóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear an t-athrú aeráide.
40. LEANÚINT d'obair an tionscnaimh, 'Níos Sláintiúla le Chéile — tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha', agus BORRADH A CHUR FAOIN obair sin, trí chur chuige uileghabhálach, comhtháiteach, cuimsitheach agus ilearnála ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i gcrích de réir a chéile, chun tacú le cur chun feidhme beartas éifeachtach i réimse na ngalar neamhtheagmhálach, lena n-áirítear mar shraitheanna, pleananna gníomhaíochta maidir le tosca sláinte, ailse, galair chardashoithíocha, galair riospráide ainsealacha, diaibéiteas, meabhairshláinte agus mífheidhmithe néareolaíocha, agus galair neamhchoitianta.

¹¹ 'Healthier Together' Non-Communicable Diseases Initiative [Níos Sláintiúla le Chéile — tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha].
https://health.ec.europa.eu/document/download/18238342-e8a8-493a-8afe-ed44da987800_en?filename=ncd_initiative_factsheet.pdf

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

41. Na tograí reachtacha A GHLACADH agus leanúint de bheith ag obair ar bhearta neamhreachtacha a fógraíodh faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, agus béim ar leith á leagan ar na tionscnaimh a bhaineann le tosca sláinte lena n-áirítear tosca socheacnamaíocha agus tráchtála, mar shampla bearta reachtacha agus neamhreachtacha a fógraíodh chun Eoraip atá saor ó thobac a bhaint amach, tomhaltas díobhálach alcóil a laghdú agus cur chun cinn na sláinte a fheabhsú trí rochtain ar aistí bia sláintiúla agus ar ghníomhaíocht coirp a chur ar fáil do dhaoine.
42. LEANÚINT de bheith ag obair ar bhearta an tionscnaimh ‘Níos Sláintiúla le Chéile – Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha’.
43. FÉACHAINT AN bhFÉADFAÍ gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun cosaint níos fearr a áirithiú do shláinte shaoránaigh na hEorpa ar thosca riosca comhshaoil.
44. AGHAIDH A THABHAIRT AR an tsaincheist maidir le substaintí andúile a bheith á ndíriú ar leanaí ar na meáin shóisialta agus creat a fhorbairt lena gcuirfí freagracht níos mó ar sholáthraithe na meán sóisialta as fógraíocht a dhéanamh ar shubstaintí andúile atá dírithe ar leanaí agus atá neamhdhleathach sna Ballstáit.
45. A MHACHNAMH A DHÉANAMH, ar mhaithe le feabhas a chur ar dhea-bhail leanaí san Eoraip, ar an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha meabhairshláinte agus fisiceacha a bhíonn ag úsáid fhadtéarmach na meán sóisialta agus teicneolaíochtaí scáileánbhunaithe ar leanaí.

IV. an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac go héifeachtach

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

46. an Moladh ón gComhairle maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige Aon Sláinte Amháin a CHUR CHUN FEIDHME¹².
47. Cur chuige sláinte aonair níos comhtháite A SHAOTHRÚ maidir le faireachán agus faireachas a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach in orgánaigh a bhaineann le daoine, ainmhithe, plandaí agus an comhshaol, chomh maith le tomhailt antaibheathach daoine agus ainmhithe.

¹² Moladh (2023/C 220/01) ón gComhairle maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige Aon Sláinte Amháin IO C 220, 22.6.2023, lgh. 1-20.

[https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023H0622\(01\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023H0622(01))

48. Comhar comhordaithe an Aontais agus a Bhallstát le tríú tíortha a NEARTÚ chun dea-chleachtas a mhalartú agus a scaipeadh, i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin, i ndáil le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, diagnóisic, faireachas, rochtain ar antaibheathaigh éifeachtacha, chomh maith le húsáid agus maoirseacht ábhar frithmhiocróbach, lena n-áirítear táirgí íocshláinte antaibheathacha agus táirgí íocshláinte tréidliachta.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

49. Treoirlínte a CHEAPADH, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha, chun tacú le beartais fhianaise-bhunaithe chostéifeachtacha chun tomhaltas neamhleor agus míchuí ábhar frithmhiocróbach a laghdú chomh maith le treoirlínte chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe comhshaoil i bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta FSFM faoi chuimsiú an chuir chuige Aon Sláinte Amháin agus treoirlínte maidir le beartais um ionfhabhtuithe a chosc, go háirithe maidir leis an lucht saothair cúraim sláinte, tréidliachta agus comhshaoil.
50. FÉACHAINT A THUILLEADH ar dhreasacht tarraingthe arna cistiú ag an Aontas ó chistí de chuid an Aontais atá ann cheana, agus í A CHUR CHUN FEIDHME, chun feabhas a chur ar an nuálaíocht, ar fhorbairt ábhar frithmhiocróbach nua agus ar rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha atá ann cheana agus ar ábhair fhrithmhiocróbacha nua i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac i gcur chuige Aon Sláinte Amháin.

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

51. Maoirseacht fheidhmíocht-bhunaithe ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus cosc agus rialú ionfhabhtuithe sna hearnálacha gaolmhara go léir a MHÉADÚ agus A THREISIÚ.

V. éiceachóras an Aontais le haghaidh trialacha cliniciúla a neartú

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

52. Sásra comhordúcháin A BHUNÚ chun cistiú na dtrialacha cliniciúla ón Aontas agus ó na cisteoirí náisiúnta a eagrú ar bhonn tosaíochta agus a chuíchóiriú, sásra a bheidh le cur chun feidhme san Aontas le haghaidh ullmhacht agus freagairt optamach ar éigeandálaí sláinte poiblí a bhaineann le galair thógálacha.

53. FEABHAS A CHUR ar na bunachair sonraí phoiblí maidir le trialacha cliniciúla ar leibhéal an Aontais, go háirithe trí na trialacha cliniciúla ar thairseach an Aontais a nascadh leis an mBunachar Sonraí Eorpach i ndáil le Feistí Leighis (EUDAMED), a bheidh ann amach anseo, agus le bunachair sonraí bhreise, i gcás inarb iomchuí, agus, leis an sprioc choiteann feabhas a chur ar infheictheacht na dtrialacha cliniciúla atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, cuíchóiriú a dhéanamh ar chomhéadan feidhmiúil clársceidealaithe na mbunachar sonraí náisiúnta maidir le trialacha cliniciúla, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus le rialacháin maidir le cosaint sonraí.
54. Iarracht chomhoibriúch A BHUNÚ ar leibhéal an Aontais le haghaidh comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha maidir le hearcú i dtrialacha cliniciúla.
55. Próisis chistiúcháin na dtrialacha idir cisteoirí an Aontais agus cisteoirí náisiúnta A CHOMHORDÚ ó thaobh raon feidhme, próisis athbhreithnithe agus formheasanna brostaithe de nuair a bheidh údar leis sin, i gcás inarb iomchuí.
56. Taighde agus rialachas na dtrialacha cliniciúla A NEARTÚ ar fud na mBallstát trí chomhordú feabhsaithe ar an athbhreithniú rialála agus eiticíúil ar fud na mBallstát.
57. Comhpháirtíocht Eorpach A BHUNÚ maidir le hullmhacht i gcomhair paindéimí chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar thaighde agus nuálaíocht maidir le hullmhacht i gcomhair paindéimí le linn shaolré iomlán an taighde, lena n-áirítear comhdhlúthú a dhéanamh ar líonra uile-Aontais de láithreáin trialacha cliniciúla ‘i gcónaí réidh le dul’.
58. TACÚ leis an gcomhoibriú ar an leibhéal náisiúnta agus idir na Ballstáit chun stiúradh trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte a éascú mar aon le staidéir feidhmíochta ar fheistí leighis diagnóiseacha *in-vitro* nó imscrúduithe cliniciúla ar fheistí leighis. Ina theannta sin, iarrann sí orthu leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a bheartaítear chun feabhas a chur ar na sineirgí idir an Rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in-vitro*, an Rialachán maidir le Feistí Leighis agus an Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla, an tionscadal ‘Combine’, mar shampla.

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

59. Prionsabail bailithe sonraí A CHUÍCHÓIRIÚ chun feabhas a chur ar rochtain, ar nascadh agus ar chomhroinnt samplaí idir bunachair sonraí taighde chliniciúil agus sonraí ó thrialacha cliniciúla, ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus caighdeáin cosanta sonraí.

VI. gníomhartha a dhéanamh i réimsí na hullmhachta agus na ngalar teagmhálach

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

60. A ÁIRITHIÚ go mbeidh ullmhacht agus an fhreagairt i leith bagairtí trasteorann ar an tsláinte mar thosaíocht ar a chlár oibre i gcónaí.
61. Cleachtaí earnála agus cleachtadh ionsamhlúcháin mórsála A EAGRÚ maidir le bainistiú géarchéimeanna sláinte san Aontas idir na gníomhaithe ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, agus cur chuige uile-ghuaise agus uile-shochaí á chur san áireamh.
62. Meastóireacht chríochnúil A DHÉANAMH ar chreat rialachais iarphaindéime an Aontais maidir le héigeandálaí sláinte agus, i gcás inar gá, an caidreamh idir na heintitis ábhartha a bhfuil baint acu le hullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna a shoiléiriú ina dhiaidh sin. Ba cheart a chur san áireamh sa mheastóireacht torthaí na meastóireachta ar an Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus torthaí an athbhreithnithe ar oibriúcháin HERA, ról EMA agus ECDC maidir le hullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna, agus ba cheart torthaí na geachtaí earnála a chur san áireamh chomh maith. Ba cheart a mheas sa mheastóireacht sin freisin cásanna géarchéime nua a mbíonn tionchar acu ar an tsláinte phoiblí, cuir i gcás na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide, bagairtí hibrídeacha, cibearbhagairtí nó bagairtí slándála.

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

63. Beartais an Aontais agus beartais náisiúnta maidir le cur chun cinn na sláinte agus cosc agus bainistiú galar teagmhálach, chomh maith leis na beartais sin lena neartaítear contanam na hullmhachta, lena n-áirítear cosc agus athléimneacht na sochaí, A NEARTÚ agus TÚS ÁITE A THABHAIRT DÓIBH.
64. Timpeallachtaí sláintiúla atá saor ó stiogma agus pobail rannpháirteacha a spreagann roghanna sláintiúla stíle maireachtála A CHUR CHUN CINN, agus aghaidh a thabhairt ar chur chun cinn an vacsaínithe, chomh maith le bearta coisctheacha príomhúla eile chun galair theagmhálacha a chosc, mar shampla ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, tionchar tosca comhshaoil, imirce agus an t-athrú aeráide.
65. An comhrac i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise sláinte a NEARTÚ, trí shamhlacha d'fheachtais múscailte feasachta atá bunaithe ar fhianaise a chur chun feidhme, nuair a bheidh siad ar fáil, trí thacú le taighde ar an ábhar sin, agus trí thrédhearcacht a chur chun cinn maidir le feachtais spriocdhírithe i gcoinne an vacsaínithe, lena n-áirítear ar na meáin shóisialta.

VII. feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair i gcás táirgí íocshláinte agus ar an rochtain orthu, agus ar shlándáil an tsoláthair i gcás feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in-vitro*

IARRANN SÍ ar an gCOIMISIÚN agus ar na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

66. LEANÚINT den obair chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí i slabhraí soláthair na dtáirgí íocshláinte criticiúla, lena n-áirítear sa Chomhghuaillíocht um Chógais Leighis Chriticiúla agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí a dhéanamh chun slándáil a soláthair a fheabhsú agus béim á leagan ar neartú an mhonaraithe táirgí íocshláinte ar fud an Aontais, agus rochtain níos fearr ar tháirgí íocshláinte i ngach Ballstát agus iomaíochas agus nuálaíocht na hearnála cógaisíochta á n-áirithiú ag an am céanna.
67. LEANÚINT den obair chun ganntanais cógas leighis criticiúil a mhaolú i gcomhthéacs ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna, agus aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí sa slabhra soláthair maidir le táirgí íocshláinte criticiúla sa Ghrúpa Stiúrtha Leigheasra dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/123 agus in áiteanna eile.
68. LEANÚINT de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in-vitro* chun a áirithiú go mbainfear amach a gcuspóirí sainráite go hiarbhr, lena n-áirítear ardleibhéal sábháilteachta agus sláinte a áirithiú do shaoránaigh na hEorpa agus tacaíocht á tabhairt don nuálaíocht ag an am céanna. Ba cheart gach beart is gá a dhéanamh chun infhaighteacht na sonraí maidir leis an soláthar feistí leighis agus maidir leis an éileamh orthu ar fud an Aontais a uasmhéadú, i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus le rialacha cosanta sonraí, agus ar an mbonn sin infhaighteacht na bhfeistí is gá le haghaidh ardleibhéal sábháilteachta agus cúram othar a áirithiú, chun na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun an córas rialála a bhainistiú go héifeachtach agus chun a iarraidh ar na gníomhaithe uile, go háirithe monaróirí agus comhlachtaí faoina dtugtar fógra, lánúsáid a bhaint as na hidirthréimhsí sínte dá bhforáiltear sna Rialacháin agus as bearta neamhrechtacha chun aistriú tráthúil chuig na Rialacháin a áirithiú.
69. NEARTÚ A DHÉANAMH AR chomhoibriú agus rannpháirtíocht luath na n-údarás inniúil atá freagrach as feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in-vitro* agus páirtithe leasmhara eile maidir le ceanglais chomhshaoil is infheidhme i leith na bhfeistí sin a fhorbairt agus a chomhlíonadh.

70. Malartú deonach sonraí A CHUR CHUN CINN, i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus rialacha cosanta sonraí, chun forléargas a fháil maidir le soláthar agus éileamh táirgí íocshláinte criticiúla ar mhargadh an Aontais, suíomh monaraíochta táirgí íocshláinte criticiúla agus a substaintí gníomhacha agus leochaileachtaí agus spleáchais straitéiseacha táirgí íocshláinte. Ba cheart dúbailt an mhalartaithe sonraí do na húdaráis náisiúnta agus don tionscal cógaisíochta a sheachaint.
71. Cur chuige straitéiseach comhchoiteann A FHORBAIRT ar bhonn deonach maidir le stoc-chnádha ar mhaithe le hullmhacht i gcomhair éigeandálaí sláinte trasteorann agus suaití tromchúiseacha soláthair, agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe íogaire, stoic chosanta náisiúnta, mar shampla, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún lena dtugtar isteach HERA agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais cógas leighis, agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus a dtaithí á gcur san áireamh ag an am céanna.
72. Cothrom iomaíochta domhanda A SPREAGADH i dtaobh rialacha comhshaoil a bhfuil feidhm acu maidir le monarú táirgí íocshláinte, támhán agus substaintí gníomhacha, agus dlí EDT (an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais) agus gealltanais idirnáisiúnta cheangailteacha eile á n-urramú ag an am céanna.
73. ÚSÁID A BHAINT as na huirlisí atá ann cheana faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil reatha chun feabhas a chur ar an rochtain ar tháirgí íocshláinte agus ar fheistí leighis sna Ballstáit a bhfuil deacrachtaí le sárú acu, go háirithe i gcás ina bhfuil méideanna ísle díobh ar fáil, mar shampla i gcás cógais dhílleachtacha, agus na Ballstáit a rannpháirtiú ar bhonn deonach sna tionscnaimh sin.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

74. A MHARANA A DHÉANAMH maidir le Gníomh um Chógais Leighis Chriticiúla a mholadh agus torthaí na Comhghuaillíochta um Chógais Leighis Chriticiúla á gcur san áireamh, i measc nithe eile, chun creat dlíthiúil a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí i slabhra soláthair na dtáirgí íocshláinte criticiúla, agus é mar aidhm leis an méid sin táirgeadh an Aontais a neartú agus slabhraí soláthair leochaileacha táirgí íocshláinte criticiúla a éagsúlú, lena bhféadfaí bearta státhabhrach agus soláthair phoiblí a áireamh, agus urraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát, do dhlí EDT (an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais) agus do ghealltanais cheangailteacha idirnáisiúnta eile (comhaontuithe trádála ina bhfuil caibidlí ábhartha maidir le soláthar poiblí, mar shampla).

75. Treochlár cuimsitheach maidir le táirgí íocshláinte A MHOLADH chun cabhrú le húdaráis inniúla agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear monaróirí, aghaidh a thabhairt ar na rioscaí comhshaoil a shainaithnítear sa phróiseas monaraíochta, sa slabhra soláthair réamhtheachtach agus ar feadh shaolré na dtáirgí sin chun inbhuanaitheacht a mhéadú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus na ceanglais chomhshaoil is infheidhme maidir leis na táirgí sin a chomhlíonadh.
76. SCRÚDÚ A DHÉANAMH ar na dúshláin atá fós gan réiteach a bhaineann le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in-vitro* agus béim ar leith á leagan ar a feidhmíocht chun ardleibhéal sábháilteachta agus sláinte a áirithiú do shaoránaigh an Aontais, agus tacú leis an nuálaíocht agus a áirithiú go mbeidh feistí ar fáil do phobail bheaga othar (go háirithe ‘feistí dílleachta’ nó ‘feistí pédiatraiceacha’) agus forbairt agus infhaighteacht feistí nuálacha inacmhainne a chothú san Aontas ag an am céanna; ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcóras rialachais, ar na ceanglais bhreise maidir le hacmhainní agus saineolas agus ar na costais agus na hualaí riaracháin a eascraíonn as cur chun feidhme na reachtaíochta, go háirithe i gcás FBManna; más iomchuí, togra reachtach a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a shainaithneofar d’fhonn córas rialála an Aontais a dhéanamh inbhuanaithe sa mheántearma agus san fhadtearma chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é faoi mar a beartaíodh agus a comhaontaíodh agus chun ardleibhéal cúraim agus sábháilteachta othar san Aontas a áirithiú.

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

77. LEANÚINT den obair ar shásra dlúthpháirtíochta deonach an Aontais sa Ghrúpa Stiúrtha um Ghanntanais Táirgí Leighis agus riachtanais náisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna.
78. MEASÚNÚ A DHÉANAMH ar an ngá atá le cabhair airgeadais chomh maith le hionstraimí tiomnaithe chun tacú le táirgeadh inbhuanaithe táirgí íocshláinte criticiúla san Aontas.
79. NEARTÚ A DHÉANAMH ar an gcomhar deonach agus dlús a chur le tionscnaimh réigiúnacha chun feabhas a chur ar an rochtain ar chógaí nuálacha, agus an taithí a fuarthas a chur san áireamh, dea-chleachtais a chomhroinnt sa chaibidlíocht chomhpháirteach agus trédhearcacht agus saineolas a mhéadú i measc na mBallstáit chomhoibritheacha.

VIII. aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ar an tsláinte

IARRANN SÍ AR na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

80. Clár oibre maidir leis an aeráid agus an tsláinte A BHUNÚ ar leibhéal an Aontais i gcomhar leis na Ballstáit de réir chur chuige na hAon Sláinte Amháin ar thaobh an oiriúnaithe agus an mhaolaithe araon. Ba cheart clár oibre taighde an Aontais maidir leis an aeráid agus an tsláinte a chur san áireamh sa chlár oibre sin. Ba cheart go mbreithneofaí ann tionchar teochtaí foircneacha, sineirgí idir teocht agus truailliú aeir, galair veicteoir-iompartha, teagmhais adhaimsire, mar shampla tuilte agus triomaigh, cáilíocht uisce agus slándáil bia. Leis an gclár oibre, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na tairbhí sláinte a bhaineann le bearta maolaithe agus forbairt agus infhaighteacht frithbheart éifeachtach leighis a chur chun cinn chun galair thógálacha atá íogair ó thaobh na haeráide de a fhreagairt.
81. Comhar A SPREAGADH maidir le luathchomharthaíocht, faireachán agus freagairt ar bhagairtí sláinte a bhaineann leis an aeráid, i gcás inar féidir ról tairbheach agus comhlántach a bheith ag gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais i dtaca leis an obair arna déanamh cheana sna Ballstáit.
82. OIBRIÚ chun tionchar an chórais cúraim sláinte ar an aeráid agus ar an gcomhshaol san Aontas a laghdú, agus a áirithiú go gcuireann straitéisí náisiúnta, reachtaíocht an Aontais agus uirlisí agus cistí atá ann cheana ar chumas na hearnála cúraim sláinte an t-aistriú chuig córais cúraim sláinte dhícharbónaithe a bhainistiú, agus aird á tabhairt ar a thábhachtaí atá inbhuanaitheacht na hearnála cúraim sláinte, an tionchar ar infhaighteacht agus inacmhainneacht, agus an laghdú ar a lorg aeráide.

IX. uirlisí cur chun feidhme an Aontais a fheabhsú

IARRANN SÍ ar na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

83. TÚS A CHUR LE plé cuimsitheach i nGrúpa Stiúrtha EU4Health chun sásra na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí sláinte a bheidh ann amach anseo agus ar riachtanais na mBallstát maidir le réimsí tosaíochta a chur chun feidhme in Aontas Sláinte na hEorpa.

84. An comhordú idir ionstraimí beartais agus cistiúcháin A NEARTÚ, lena n-áiríteofar go leanfar d'úsáid a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ón Aontas ar bhealach straitéiseach éifeachtach, i gcomhréir le tosaíochtaí sláinte na mBallstát agus aird á tabhairt ar an tacaíocht theicniúil, agus béim á leagan ar chlaochluithe a bhfuil tionchar fadtéarmach acu a chur chun feidhme.
85. MEASÚNÚ A DHÉANAMH ar an tírdhreach reatha ó thaobh chistí an Aontais de agus ar an gcreat reachtach comhfhreagrach chun cistiú an Aontais a ailíniú a thuilleadh le tosaíochtaí beartais sláinte náisiúnta na mBallstát.

IARRANN SÍ ar an gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

86. Mol Infheistíochta Sláinte de chuid an Aontais A BHUNÚ i gcomhairle leis na Ballstáit agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadal na hionstraime um thacaíocht theicniúil 'Mol Acmhainní an Aontais le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe sa tsláinte' á gcur san áireamh, chun tacaíocht shaincheaptha atá oiriúnach don fheidhm a thabhairt do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh maidir le rochtain a fháil ar chistí an Aontais atá ann cheana agus úsáid a bhaint astu, ar cistí iad arna dtarmhligeán chuig na Ballstáit chun tionscadail sláinte náisiúnta ardleasa agus ardtionchair a phleanáil, a mhaoiniú agus a chur chun feidhme i gcomhthéacs athchóirithe sláinte náisiúnta agus próiseas claochlaithe cúraim sláinte, agus deiseanna a shainaithint i measc cláir éagsúla de chuid an Aontais maidir le tionscadail a mbaineann a gcuspóirí le hionstraimí cistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais agus lena dtosaíochtaí;
87. FEABHAS A CHUR ar na nósanna imeachta agus iad a thabhairt cothrom le dáta chun rochtain ar chistiú atá ann cheana a éascú.
88. LEANÚINT de bheith ag obair ar chomhdhlúthú na dtionscnamh a seoladh cheana faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a bhfuil a n-acmhainneacht léirithe acu, chun dul chun cinn inbhuanaithe a áirithiú ar mhaithe le hothair ailse san Eoraip.

1. Institiúidí an Aontais Eorpaigh

- Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

2. An Chomhairle:

- Conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh, a formheasadh an 22 Meitheamh 2006
- Conclúidí ón gComhairle maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i lucht saothair sláinte na hEorpa don todhchaí: Raon feidhme don nuálaíocht agus comhar, a formheasadh an 7 Nollaig 2010
- Conclúidí ón gComhairle maidir le córais sláinte nua-aimseartha, fhreagracha agus inbhuanaithe, a formheasadh an 8 Iúil 2011
- Conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar na dea-bhaile, a formheasadh an 24 Deireadh Fómhair 2019
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach a neartú, a formheasadh an 20 Nollaig 2021
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Rochtain ar chógais agus ar fheistí leighis le haghaidh Aontas níos Láidre agus níos Athléimní, a formheasadh an 15 Meitheamh 2021
- Moladh ón gComhairle maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhíocróbacha a chomhrac trí chur chuige Aon Sláinte Amháin, a glacadh an 13 Meitheamh 2023
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte, a formheasadh an 30 Samhain 2023

3. An Chomhairle Eorpach

- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 30 Meitheamh 2023
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2024
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 agus an 18 Aibreán 2024

4. An Coimisiún Eorpach

- Togra ón gCoimisiún le haghaidh athchóiriú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais (COM/2023/193 final agus COM/2023/194 final) agus Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú ar an reachtaíocht chógaisíochta agus bearta lena dtugtar aghaidh ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach COM(2023) 190 final
 - Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Commission Communication on Addressing shortages in the EU* [Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais cógas leighis san Aontas], a foilsíodh an 24 Deireadh Fómhair 2023, COM(2023) 672 final
 - Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach: ag gníomhú le chéile ar mhaithe le sláinte daoine, a foilsíodh an 22 Bealtaine 2024, COM(2024) 266 final
-